

**Nuair a bhuail Jackie le cara nua**  
**Ceacht: Ag Cuimhneamh ar an Scéal**

Naisc leis an gCuraclam:		
<b>Drámaíocht</b>	<b>Snáith:</b> Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh chun tuiscint a chothú	<b>Snáithaonaid:</b> Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
<b>Gaeilge</b>	<b>Snáitheanna:</b> Labhairt, Éisteacht	<b>Snáithaonaid:</b> Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga
<b>OSPS</b>	<b>Snáith:</b> Mise	<b>Snáithaonad:</b> Caidreamh le daoine eile

**Gníomhaíocht a hAon – Cén mothúchán?**  
**Gníomhaíocht a Dó – Cad is cara maith ann?**  
**Gníomhaíocht a Trí – Conradh Caidrimh**

**Cuspóirí:**

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí plé a dhéanamh ar an scéal Nuair a bhuail Jackie le cara nua.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí cur síos a dhéanamh ar, agus aithris fisiciúil a dhéanamh ar, na mothúcháin ón scéal.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí páirt a ghlacadh ag cumadh Conradh Caidrimh.*

**Gníomhaíocht a hAon - Cén mothúchán?**

- Fiafraigh de na páistí conas a mhothaigh Jackie ag tús an scéil, i lár an scéil agus ag deireadh an scéil.

Sceitimíneach

Neirbhíseach

Crosta

Brónach

- Taispeáin na híomhánna ar an gClár Bán Idirghníomhach.
- Iarr ar na páistí aithris a dhéanamh ar na haghaidheanna.
- Tabhair cuireadh do pháistí áirithe an mothúchán a thaispeáint agus iarr ar an rang buile faoi thuairim a thabhairt.

**Gníomhaíocht a Dó - Cad is cara maith ann?**

- Más maith leat, taispeain an físeán 'What is a good friend?' (as Béarla) ar na gClár Bán Idirghníomhach: [http://www.sesamestreet.org/play#media/video\\_dd44cd41-1555-11dd-8211-118ee0e6e3e7](http://www.sesamestreet.org/play#media/video_dd44cd41-1555-11dd-8211-118ee0e6e3e7) nó <http://youtube.com/watch?v=iPux6QAKBdc>
- Pléigh an físeán.
- Nó is feidir leat plé a chothú sa rang (gan físeán) ar cad is cara maith ann.
- Scríobh na freagraí ar an gClár Bán.

**Gníomhaíocht a Trí - Conradh Caidrimh**

- Mínigh don rang go mbeidh sibh ag cruthú Conradh Caidrimh le chéile, cosúil le gealltanais.
- Bain úsáid as na focail a phléigh sibh thuas chun abairtí a chumadh don Chonradh.
- Iarr ar na páistí smaointe eile a chur leis.
- Tabhair múnla don Chonradh mar seo: *“Geallaimid, mar chairde maithe, go mbeimid ag roinnt bréagán.”* nó *“Geallaimid, mar chairde maithe, go n-úsáidfidimid focail chineálta/deasa lena chéile.”*
- Tabhair cuireadh do gach páiste a (h)ainm agus/nó pictiúr beag a chur leis an gConradh, agus taispeáin ar bhalla an seomra ranga é.







Download from  
Dreamstime.com

1 vector  
Download from Dreamstime.com